



2024/1839

4.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1839 ÓN gCOIMISIÚN
an 3 Iúil 2024

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2846 trí *Schinopsis lorentzii* (Griseb.) Engl. a scriosadh mar fhoinsé an bhreiseáin bheathaithe eastóscán quebracho dheirg

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Na substaintí eastóscán quebracho dheirg ó *Schinopsis balansae* Engl. nó *Schinopsis lorentzii* (Griseb.) Engl., údaraíodh iad mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2846 ón gCoimisiún ⁽²⁾ ar feadh 10 mbliana.
- (2) Mar sin féin, an tsuistaint eastóscán quebracho dheirg ó *Schinopsis lorentzii* (Griseb.) Engl., áiríodh í go hearráideach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2846 d'ainneoin nár áiríodh san iarratas ar údarú í.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2846 a cheartú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, is iomchuí an larscríbhinn iomlán a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a ionadú.
- (4) Chun cur ar an margadh an bhreiseáin bheathaithe eastóscán quebracho dheirg ó *Schinopsis lorentzii* (Griseb.) Engl. a chosc, rud a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an earráid i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2846, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.
- (5) Chun ionchais dlísteanacha na n-oibreoirí gnólaictaí beatha a chaomhnú, ionchais a cruthaíodh le húdarú earráideach an bhreiseáin bheathaithe eastóscán quebracho dheirg ó *Schinopsis lorentzii* (Griseb.) Engl., ba cheart idirthréimhse ghearr a sholáthar chun go mbeidh na hoibreoirí sin in ann oiriúnú don cheartúchán a thugtar isteach leis an Rialachán seo.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2846

Ceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2846 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:
'Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2846 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2023 maidir le heastóscán quebracho dheirg ó *Schinopsis balansae* Engl. a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch';
- (2) cuirtear an larscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2846 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2023 maidir le heastóscán quebracho dheirg ó *Schinopsis balansae* Engl. nó *Schinopsis lorentzii* (Griseb.) Engl. a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L, 2023/2846, 21.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2846/oj).

*Airteagal 2***Bearta idirthréimhseacha**

An breiseán beathaithe eastóscán quebracho dheirg ó *Schinopsis lorentzii* (Griseb.) Engl. agus réamh-mheascáin, beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil siad iontu, substaintí a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Lúnasa 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Iúil 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí an 5 Eanáir 2025.

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin bheathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhi	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe								
2b2972-ex	Eastóscán quebracho dheirg	Comhdhéanamh an bhreiseáin	Turcaithe lena ramhrú	-	-	540	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ceadáítear an meascán d'eastóscán quebracho dheirg le breiseáin bheatha luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfuil na méideanna tainniní comhdhlúite sna hábhair bheatha agus sa bheatha chumaisc níos ísle ná an méid a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis nó le haghaidh na catagóire ainmhithe. 4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a	10 Eanáir 2034
		Eastóscán adhmaid <i>Schinopsis balansae</i> Engl.	Sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú	-	-	400		
		Foirm sholadach	Gach speiceas éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga agus le haghaidh pórúcháin.	-	-	600		
		Tréithriú na substainte gníomhaí	Bainbh, bainbh de chineál mionspeicis <i>Suidae</i> agus muca lena ramhrú de chineál mionspeicis <i>Suidae</i>	-	-	720		
		Eastóscán tainniní comhdhlúite ó quebracho dearg	Muca lena ramhrú	-	-	860		
		Eastóscán a fhaightear ó adhmaid <i>Schinopsis balansae</i> Engl. trí ghal faoi bhrú, tuilleadh scagacháin agus an tuaslagán tiubhaithe a thiúchan agus a spraethriomú mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ⁽¹⁾ .	Cránacha	-	-	1 050		
		Sonraíochtaí	Laonna feola (bainne púdrach)	-	-	1 680		
		Tainniní comhdhlúite: 70-87 %	Athchogantaigh lena ramhrú seachas caoirigh agus gabhair Capaill	-	-	1 580		
		Uimhir FEMA: 2972	Caoirigh, gabhair	-	-	1 580		
		Modh anailíse ⁽²⁾	Ba déiríochta agus mionathchogantaigh dhéiríochta seachas caoirigh dhéiríochta agus gabhair dhéiríochta	-	-	1 030		
		Maidir le tainniní comhdhlúite (marcóir fisiceimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: modh meá-mhéadrach ar oibreáin ghriandathaithe trí chomhdhúile ionsúiteacha i bpúdar seithe atá crómaisithe go hísle – ISO 14088	Coiníní	-	-	630		
			Salmainidí agus mionspeiceas éisc eite	-	-	1 810		
			Éisc ornáideacha	-	-	3 000		
			Madraí	-	-	1 900		
			Éin ornáideacha			317		
			Cait	-	-	317		

			Speicis agus catagóirí eile ainmhithe	-	-	317	d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don análú, do na súile agus don chraiceann a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	
(¹) Natural sources of flavourings - Report No. 2 (²) Tá sonraí faoi na modhanna anailise le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports [Foinsí nádúrtha blastán — Tuarascáil Uimh. 2] (2007)								